2026/2204

7.10.2026

CINNEADH (CBES) 2026/2204 ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA

an 24 Meán Fómhair 2026

maidir le Ceannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh a cheapadh le haghaidh oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh chun rannchuidiú leis an tslándáil mhuirí san Aigéan Indiach Thiar agus sa Mhuir Rua (EUNAVFOR ATALANTA), agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2026/1060 (EUNAVFOR ATALANTA/3/2026)

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38 de,

Ag féachaint do Ghníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/851/CBES ón gComhairle an 10 Samhain 2008 maidir le hoibríocht mhíleata de chuid an Aontais Eorpaigh chun rannchuidiú leis an tslándáil mhuirí san Aigéan Indiach Thiar agus sa Mhuir Rua (EUNAVFOR ATALANTA) ([1]), agus go háirithe Airteagal 6(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 10 Samhain 2008, ghlac an Chomhairle Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/851/CBES, lena ndéantar foráil maidir le hoibríocht mhíleata de chuid an Aontais Eorpaigh chun rannchuidiú leis an tslándáil mhuirí san Aigéan Indiach Thiar agus sa Mhuir Rua (EUNAVFOR ATALANTA).

(2) De bhun Airteagal 6(1) de Ghníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/851/CBES, thug an Chomhairle údarú don Choiste Polaitiúil agus Slándála na cinntí a dhéanamh maidir le Ceannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh a cheapadh le haghaidh EUNAVFOR ATALANTA ('Ceannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh').

(3) An 5 Bealtaine 2026, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2026/1060 ([2]), lena gceaptar an Seachaimiréal Francisco Javier VÁZQUEZ SANZ mar Cheannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh ón 10 Meitheamh 2026.

(4) An 16 Iúil 2026, mhol údaráis mhíleata na Portaingéile go gceapfaí an Captaen José João RODRIGUES PEDRA i gcomharbas ar an Seachaimiréal Francisco Javier VÁZQUEZ SANZ mar Cheannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh ('an ceapachán molta'). Chuir údaráis mhíleata na Portaingéile in iúl go dtabharfaí ardú céime don Chaptaen José João RODRIGUES PEDRA go Ceannasóir nuair a cheapfar é mar Cheannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh.

(5) An 22 Iúil 2026, thacaigh Ceannasaí Oibríochta an Aontais ar EUNAVFOR ATALANTA leis an gceapachán molta.

(6) An 27 Iúil 2026, thacaigh Coiste Míleata an Aontais Eorpaigh leis an gceapachán molta agus chomhaontaigh sé go gceapfaí an Captaen José João RODRIGUES PEDRA mar Cheannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh.

(7) Ba cheart cinneadh a dhéanamh maidir leis an gCaptaen José João RODRIGUES PEDRA a cheapadh mar Cheannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh le haghaidh EUNAVFOR ATALANTA ón 10 Deireadh Fómhair 2026.

(8) Ba cheart Cinneadh (CBES) 2026/1060 a aisghairm,

([1]) IO L 301, 12.11.2008, lch. 33, ELI: http://data.europa.eu/eli/joint_action/2008/851/oj.

([2]) Cinneadh (CBES) 2026/1060 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 5 Bealtaine 2026 maidir le Ceannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh a cheapadh le haghaidh oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh chun rannchuidiú leis an tslándáil mhuirí san Aigéan Indiach Thiar agus sa Mhuir Rua (EUNAVFOR ATALANTA), agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2026/310 (EUNAVFOR ATALANTA/2/2026) (IO L, 2026/1060, 11.5.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/1060/oj).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ceaptar an Ceannasóir José João RODRIGUES PEDRA mar Cheannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh le haghaidh oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh chun rannchuidiú leis an tslándáil mhuirí san Aigéan Indiach Thiar agus sa Mhuir Rua (EUNAVFOR ATALANTA) ón 10 Deireadh Fómhair 2026.

Airteagal 2

Leis seo, déantar Cinneadh (CBES) 2026/1060 a aisghairm.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 10 Deireadh Fómhair 2026.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 24 Meán Fómhair 2026.

Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála

An Cathaoirleach

L. MANDEL VENSILD